Eagrán Speisialta *

9 Lúnasa 2021

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1308 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2021 lena leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modhnú an liosta d'uiscebhealaí intíre de chuid an Aontais agus na híoscheanglais theicniúla is infheidhme maidir le hárthaí** ..... 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1309 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2021 lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ("Värmländskt skrädmjöl" (TGFC))** ..... 14

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1310 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2021 lena gceartaítear leaganacha áirithe teanga de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** [1] ..... 15

CINNTÍ

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1311 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2021 maidir le Hrvatski Registar Brodova (Longchlár na Cróite) a aithint mar chumann aicmiúcháin le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** ..... 17

[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

* Faoin tagairt L 284 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1308 ÓN gCOIMISIÚN

**an 28 Aibreán 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le modhnú an liosta d'uiscebhealaí intíre de chuid an Aontais agus na híoscheanglais theicniúla is infheidhme maidir le hárthaí**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) agus Airteagal 31(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir (AE) 2016/1629 leagtar síos córas comhchuibhithe chun deimhnithe teicniúla a eisiúint le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre a chomhlíonann ceanglais theicniúla aontaithe.

(2) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 cuirtear liosta ar fáil d'uiscebhealaí intíre de chuid an Aontais arna roinnt go geografach i Zóin 1, 2 agus 3.

(3) Is é an Ballstát, i gcás uiscebhealaí ina chríoch, a chinneann roinnt na n-uiscebhealaí ina zóin.

(4) Féadfar aicmiú uiscebhealaí a mhodhnú, lena n-áirítear uiscebhealaí a chur leis agus a scriosadh, arna iarraidh sin ag an mBallstát lena mbaineann.

(5) An 15 Bealtaine 2018, d'iarr Poblacht na Fraince modhnú ar liosta na n-uiscebhealaí i Zón 1 ina críoch. Ba cheart an iontráil in Iarscríbhinn I ina dtagraítear do Zón 1 d'uiscebhealaí intíre de chuid an Aontais a mhodhnú dá réir trí Zón 1 sa Fhrainc a chur léi.

(6) An 9 Iúil 2019, d'iarr Ríocht na Sualainne liosta na n-uiscebhealaí i Zóin 1, 2 agus 3 ina críoch a mhodhnú trí uiscebhealaí intíre Sualannacha breise i Zóin 1, 2 agus 3 a chur leo.

(7) I bhfianaise tharraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ("an Ríocht Aontaithe") as an Aontas, ba cheart Iarscríbhinn I a mhodhnú chun gach tagairt do na huiscebhealaí intíre ina críoch a bhaint.

(8) Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 gurb iad na ceanglais theicniúla is infheidhme maidir le hárthaí na ceanglais sin a leagtar amach i gcaighdeán ES-TRIN 2019/1.

(9) Le gníomhaíocht de chuid an Aontais in earnáil na loingseoireachta intíre, ba cheart é a bheith mar aidhm an aonfhoirmeacht a áirithiú agus ceanglais theicniúla á bhforbairt le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre san Aontas.

([1]) IO L 252, 16.9.2016, lch. 118.

(10) An Coiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre ("CESNI"), bunaíodh é an 3 Meitheamh 2015 faoi chuimsiú an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin ("CCNR") chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt le haghaidh uiscebhealaí intíre i réimsí éagsúla, go háirithe maidir le soithí, teicneolaíocht faisnéise agus criú.

(11) Ag an gcruinniú a bhí ag CESNI an 13 Deireadh Fómhair 2020, glacadh leagan nua den Chaighdeán Eorpach lena leagtar síos Ceanglais Theicniúla le haghaidh soithí Loingseoireachta Intíre, eadhon ES-TRIN 2021/1 ([2]). Le caighdeán ES-TRIN leagtar síos ceanglais theicniúla aonfhoirmeacha atá riachtanach chun sábháilteacht soithí loingseoireachta intíre a áirithiú. Áirítear ann forálacha maidir le longthógáil, feistiú agus trealamh le haghaidh soithí loingseoireachta intíre, forálacha speisialta maidir le haicmí sonracha soithí amhail soithí paisinéirí, conbhuanna a bhrúitear agus soithí coimeádáin, forálacha maidir le trealamh an chórais aitheantais uathoibríoch, forálacha maidir le haitheantas soithí, samhail de na deimhnithe agus samhail den chlár, agus forálacha idirthréimhseacha chomh maith le treoracha maidir leis an gcaighdeán teicniúil a chur i bhfeidhm.

(12) Dá bhrí sin ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629 a mhodhnú chun a áirithiú gurb iad na ceanglais theicniúla a leagtar amach in ES-TRIN 2021/1 na ceanglais theicniúla is infheidhme maidir le hárthaí agus ba cheart iad a bheith infheidhme ón 1 Eanáir 2022.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2016/1629 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir (AE) 2016/1629 mar a leanas:

(1) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;

(2) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe 2 d'Airteagal 1 ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Aibreán 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

---

([2]) Rún CESNI 2020-II-1

*IARSCRÍBHINN I*

*"IARSCRÍBHINN I*

# LIOSTA D'UISCEBHEALAÍ INTÍRE DE CHUID AN AONTAIS ARNA ROINNT GO GEOGRAFACH I ZÓIN 1, 2 AGUS 3

## CAIBIDIL 1

### Zón 1

***An Fhrainc***

Síos an sruth ó theorainn thrasnach na farraige in inbhir na Séine, an Loire, an Gironde agus an Rhône

***An Ghearmáin***

| | |
|---|---|
| Ems | Ó líne ó sheanteach solais Greetsiel go cé thiar bhéal an chalafoirt ag Eeemshaven, amach chun na farraige a fhad le líne dhomhanleithid 53° 30′ T agus líne dhomhanfhaid 6° 45′ O, i.e. claon beag ar thaobh na farraige den limistéar lictéaraithe le haghaidh iompróirí lasta thirim in Alte Ems ([1]) |

***An Pholainn***

An chuid de Bhá Pomorska atá taobh theas den líne ó NordPerd ar Oileán Rugen go dtí teach solais Niechorze.

An chuid de Bhá Gdańska atá taobh theas den líne ó theach solais Hel go dtí an baoi béal cuain ag calafort Baltijsk.

***An tSualainn***

**Loch Vänern**, a theorannaítear ó dheas leis an líne dhomhanleithid trí rabhchán Bastungsgrunden.

**Loch Vättern**

**Brofjorden - Donsö**

An limistéar a theorannaítear leis an mórthír nó le teorainn zón 2 nó 3 agus le líne ón bpointe is faide ó dheas de Grötö tríd an bpointe is faide siar de Gåsö; an pointe is faide ó thuaidh de Hermanö; Hermanö huvud (ceann Hermanö); Vedholmen; Danholmen; lár Mollön; treosholas Räbbehuvud; treosholas íochtarach Sankt Olov; an pointe is faide soir ó dheas de Flatholmen; treosholas Åstol; treosholas Marstrand; treosholas Sälö; treosholas íochtarach Kågholmen; treosholas Tynneskär; treosholas Buskärs Knöte; agus ó threosholas uachtarach Rivö go treosholas Rivö.

**Tuaisceart Öregrundsgrepen**

An limistéar idir an mhórthír agus Gräsö, a theorannaítear ó thuaidh leis an líne dhomhanleithid trí threosholas Engelska Grundet agus ó dheas leis an líne dhomhanfhaid trí sholas stiúrtha uachtarach Öregrund.

**Söderarm - Sandhamn**

An limistéar a theorannaítear le teorainn zón 2 agus le líne ó sholas stiúrtha Tyvö trí threosholas Söderarm; solas stiúrtha uachtarach chalafort píolótaíochta Söderarm; agus ó threosholas Prästkobben go rabhchán Korsö.

**Jungfrufjärden**

An limistéar a theorannaítear leis an mórthír nó le teorainn zón 2 agus le líne ón bpointe is faide siar de Nämdö tríd an bpointe is faide siar de Mörtö-Bunsö go rabhchán Ornöhuvud.

**Mysingen - Landsort**

An limistéar a theorannaítear le teorainn zón 2 agus le líne ó threosholas Utö tríd an bpointe is faide ó dheas de Nåttarö; treosholas Måsknuv; agus ó threosholas Viksten go treosholas Landsort.

**Landsort - Arkö**

An limistéar a theorannaítear leis an mórthír nó le teorainn zón 2 nó 3, agus le líne ó threosholas Landsort tríd an bpointe is faide ó dheas de Enskär agus treosholas Norra Kränkan go Marö kupa.

**Bá Valdemarsviken agus oileánra Gryt**

An limistéar a theorannaítear leis an mórthír nó le teorainn zón 2 agus le líne ó rabhchán Gubbö kupa trí threosholas Häradsskär agus ó threosholas Häradsskär go dtí an pointe is faide ó dheas de Kvädö.

**Sunda thuaidh Kalmar - Västervik**

An limistéar a theorannaítear leis an mórthír agus le líne ó Hallmare Skackel trí threosholas Aleskär; treosholas Idö; treosholas Idö Stångskär; treosholas Strupö Ljungskär, ag T 57 20,0 O016 48,0; agus ó bhaoi sparra thiar Enerumsgrund go dtí an pointe is faide ó thuaidh de Öland agus thairis sin trí chósta thiar thuaidh Öland agus ó dheas tríd an líne dhomhanleithid T 56 51,00.

**Sunda theas Kalmar**

An limistéar idir an mhórthír agus Öland, a theorannaítear ó thuaidh le líne ó rinn Dunö (ar an mórthír) go Beijerhamn in Öland, agus ó dheas leis an líne dhomhanleithid T 56 15,00.

**Zón 2**

***Poblacht na Seice***

Damba Loch Lipno

***An Ghearmáin***

| | |
|---|---|
| Ems | Idir líne trasna abhainn an Ems in aice bhéal chalafort Papenburg ó sheanstáisiún caidéalaithe Diemen go béal na leibhé ag Halte, agus chomh fada le líne ó sheanteach solais Greetsiel go dtí an ché thiar ag béal chalafort Eemshaven |
| Jade | Laistigh de líne ó sheanteach cros-solais Schillig go túr séipéil Langwarden |
| Weser | Ón imeall thiar thuaidh den droichead iarnróid in Bremen go líne ó thúr séipéil Langwarden go túr séipéil Cappel, agus taobhchraobhacha Westergate, Loch Rekumer, Rechter Nebenarm agus Schweiburg san áireamh |
| Abhainn an Elbe maille le Bützflether Süderelbe (ón bpointe 0,69 km go dtí a béal ag an Elbe), Ruthenstrom (ón bpointe 3,75 km go dtí a béal ag an Elbe),<br>Wischhafener Süderelbe (ón bpointe 8,03 km go dtí a béal ag an Elbe) | Ó theorainn íochtarach chalafort Hamburg a fhad le líne ó rabhchán Döse go himeall thiar leibhé Friedrichskoog (Dieksand), agus an Nebenelbe agus fochraobhacha an Este, an Lühe, an Schwinge, an Oste, an Pinnau, an Krückau agus an Stör (ón mbéal go dtí an baráiste, i ngach cás) san áireamh |
| Meldorfer Bucht | Laistigh de líne ó imeall thiar leibhé Friedrichskoog (Dieksand) go dtí an ceann cé thiar ag Büsum |
| Eider | Ó bhéal Chanáil Gieselau (ag an bpointe 22,64 km) a fhad le líne ó lár an dúin (Tränke) go túr séipéil Vollerwiek |
| Canáil Gieselau | Óna béal ag an Eider go dtí a béal ag Canáil Nord-Estsee |

| | |
|---|---|
| Flensburger Förde | Laistigh de líne ó theach solais Kegnäs go Birknack agus taobh thuaidh den teorainn idir an Ghearmáin agus an Danmhairg in Flensburger Förde |
| Schlei | Laistigh de líne ó cheann go chéile de na cinn ché in Schleimünde |
| Eckernförder Bucht | Laistigh de líne ó Boknis-Eck go dtí an ceann thoir thuaidh den mhórthír in aice Dänisch Nienhof |
| Kieler Förde | Laistigh de líne ó theach solais Bülk go leacht cuimhneacháin muirí Laboe |
| Nord-Ostsee-Kanal, agus Audorfer See agus Schirnauer See san áireamh | Idir líne ó cheann go chéile de na cinn ché ag Brunsbüttel agus líne ó cheann go chéile de sholais bhéal an chuain ag Kiel-Holtenau, agus Obereidersee agus Enge, Audorfer See, Borgstedter See agus Enge, Schirnauer See, Flemhuder See agus Canáil Achterwehrer san áireamh |
| Trave | Ón imeall thiar thuaidh den droichead tógála iarnróid ag Lübeck maille leis an Pötenitzer Wiek, agus an Dassower See a fhad le líne ón gceann cé istigh theas go dtí an ceann cé amuigh thuaidh, ag Travemünde |
| LEDA | Ó bhéal chalafort amuigh mhuirloc Leere go dtí an béal ag an Eems |
| Hunte | Ó chalafort Oldenburg agus ó 140m síos an sruth ón Amalienbrücke in Oldenburg go dtí béal an Weser |
| Lesum | Ó chomhchumar an Hamme agus an Wümme (ag an bpointe 0,00 km) go dtí an béal ag an Weser |
| Este | Ó shruth sceite loc Buxtehude (ag an bpointe 0,25 km) go dtí an béal ag an Elbe |
| Lühe | Ó shruth sceite an Au-Mühle in Horneburg (0,00 km) go dtí an béal ag an Elbe |
| Schwinge | Ó imeall thuaidh loc Salztor in Stade go dtí an béal ag an Elbe |
| Oste | Ó 210m taobh thuas de lárlíne an droichid ródfheithiclí thar bharáiste Oste (ag an bpointe 69,360 km) go dtí an béal ag an Elbe |
| Pinnau | Ón imeall thiar theas den droichead ródfheithiclí in Pinneberg go dtí an béal ag an Elbe |
| Krückau | Ón imeall thiar theas den droichead a thugann bealach anonn agus anall go Wedenkamp in Elmshorn, go dtí an béal ag an Elbe |
| Stör | Ó thomhsaire taoide Rensing go dtí an béal ag an Elbe |
| Freiburger Hafenpriel | Ó imeall thoir na bualchomhla in Freiburg an der Elbe a fhad leis an mbéal ag an Elbe |
| An limistéar calafoirt in Wismarbucht, Kirchsee, Breitling, Salzhaff agus Wismar | Chun na farraige a fhad le líne ó Hoher Wieschendorf Huk go treosholas Timmendorf agus a fhad le líne ó threosholas Gollwitz ar oileán Poel go dtí an ceann theas de leithinis Wustrow |
| Warnow, agus Breitling agus na taobhchraobhacha san áireamh | Síos an sruth ó Mühlendamm ó imeall thuaidh an Geinitzbrücke in Rostock ionsar an bhfarraige agus a fhad le líne ón gcé thiar go dtí an ché thoir in Warnemünde |

| | |
|---|---|
| Uiscí atá iata ag an mórthír agus ag leithinsí Darß agus Zingst agus ag oileáin Hiddensee agus Rügen (agus limistéar calafoirt Stralsund san áireamh)<br><br>Kleine Jasmunder Bodden | Na huiscí ag síneadh chun na farraige idir<br>leithinis Zingst agus oileán Bock: a fhad le líne dhomhanleithid 54° 26′ 42′ T,<br>oileáin Bock agus Hiddensee: a fhad le líne ó cheann thuaidh oileán Bock go ceann theas oileán Hiddensee,<br>oileán Hiddensee agus oileán Rügen (Bug): a fhad le líne ó cheann thoir theas Neubessin go Buger Haken |
| Greifswalder Bodden | Bodden i dtreo na farraige a fhad le líne ó cheann thoir Thiessower Haken (Südperd) go ceann thoir oileán Ruden agus uaidh sin go ceann thuaidh oileán Usedom (ag 54° 10′ 37′′ T, 13° 47′ 51′′ O) |
| Ryck<br><br>Na huiscí atá iata ag an mórthír agus ag oileán Usedom (an Peenestrom, agus limistéar calafoirt Wolgast agus Achterwasser san áireamh, agus an Oder Haff)<br><br>Uecker | Soir ó dhroichead Steinbecker in Greifswald a fhad le líne ó cheann go chéile de chinn na lamairní<br><br>Soir a fhad le teorainn Phoblacht na Polainne in Stettiner Haff<br><br>Ó imeall thiar theas an droichid ródfheithiclí in Uekermünde go dtí líne ó cheann go chéile de chinn na lamairní |

*Nóta:* I gcás soithí a bhfuil a gcalafort baile i Stát eile, ní mór aird a thabhairt ar Airteagal 32 de Chonradh Ems-Dollart an 8 Aibreán 1960 (BGBl. 1963 II, lch. 602).

***An Fhrainc***

An Gironde ón bpointe ciliméadair (KP 48,50) go dtí an chuid de rinn an Ile de Patiras síos an sruth ón oileán, go dtí teorainn thrasnach na farraige arb é atá inti an líne ó Pointe de Grave go Pointe de Suzac;

an Loire ó Cordemais (KP 25) go dtí teorainn thrasnach na farraige arb é atá inti an líne ó Pointe de Mindin go Pointe de Penhoët;

an tSéin ó thosach Chanáil Tancarville go dtí teorainn thrasnach na farraige arb é atá inti an líne ó Rinn Hode, ar an mbruach deas, go dtí an pointe, ar an mbruach clé, mar a gcastar an leibhé atá beartaithe agus an cósta taobh thíos de Berville ar a chéile;

an Vilaine ó Dhamba Arzal go dtí teorainn thrasnach na farraige arb é atá inti an líne ó Pointe du Scal go Pointe du Moustoir;

Loch na Ginéive

***An Ungáir***

Loch Balaton

***An Ísiltír***

Dollard

Eems

Waddenzee: agus na naisc leis an Muir Thuaidh san áireamh

IJsselmeer: agus an Markermeer agus an Ijmeer san áireamh, ach gan an Gouwzee a bheith san áireamh

Nieuwe Waterweg agus an Scheur

Calland Kanaal siar ó chaladh Benelux

Hollands Diep

Breeddiep, Beerkanaal agus na calaí atá nasctha leis

Haringvliet agus Vuile Gat: agus na huiscebhealaí atá idir Goeree-Overflakkee ar thaobh amháin agus Voorne-Putten agus Hoeksche Waard ar an taobh eile san áireamh

Hellegat

Volkerak

Krammer

Grevelingenmeer agus Brouwerschavensche Gat: agus na huiscebhealaí uile atá idir Schouwen-Duiveland agus Goeree-Overflakkee san áireamh

Keten, Mastgat, Zijpe, Krabbenkreek, an Sceilt Thoir agus Roompot: agus na huiscebhealaí atá idir Walcheren, Noord-Beveland agus Zuid-Beveland ar thaobh amháin agus Schouwen-Duiveland agus Tholen ar an taobh eile san áireamh, ach gan Canáil na Sceilte go Réin a bheith san áireamh

An Sceilt agus an Sceilt Thiar agus a béal ag an bhfarraige: agus na huiscebhealaí atá idir Zeeland Fhlóndras ar thaobh amháin agus Walcheren agus Zuid-Beveland ar an taobh eile san áireamh, ach gan Canáil na Sceilte go Réin a bheith san áireamh

***An Pholainn***

Murlach Szczecin

Murlach Kamień

Murlach Wisła

Bá Puck

Taiscumar Włocławski

Loch Śniardwy

Loch Niegocin

Loch Mamry

***An tSualainn***

**Lysekil – Orust – Tjörn**

An limistéar a theorannaítear leis an mórthír, agus le líne ar threo-uillinn 170 céim ó Slaggön in Lysekil go Skaftölandet; líne ó threosholas Islandsberg go Lavösund; líne ar threo-uillinn 300 céim ó threosholas Lyr go dtí an mhórthír soir ó Mollösund; líne ón bpointe is faide ó dheas de Lyr go Björholmen; agus sa chuid thuaidh de Hakefjorden in aice leis an líne arb éard atá ann líne dhomhanleithid T 58 01,00.

**Oileánra theas Göteborg**

An limistéar a theorannaítear leis an mórthír nó le teorainn zón 3 agus le líne ón bpointe is faide siar de chalafort Arendal trí Knippelholmen; treosholas Rivö, treosholas uachtarach Rivö; rabhchán Känsö Torn; treosholas Kårholmen; agus ó threosholas Rättarens go Askims Nabbe.

**Öregrund – Norrtälje**

An limistéar idir an mhórthír agus Gräsö, a theorannaítear ó thuaidh leis an líne dhomhanfhaid trí sholas stiúrtha uachtarach Öregrund, agus a theorannaítear ionsar an bhfarraige le líne idir Äspskäret agus treosholas Råstensudde; líne trasna Singsundet; in aice na ndroichead trasna Fygdströmmen; líne ó Dejeudden trí threosholas Arholma go treosholas Tyvö.

**Norrtälje – Nämdö**

An limistéar a theorannaítear leis an mórthír nó le teorainn zón 2 nó 3 agus le líne ó threosholas Tyvö trí threosholas Idskärskobben; an pointe is faide siar de Svartlöga; treosholas Stenkobbsgrund, rabhchán Korsö; agus ón bpointe is faide siar de Nämdö go dtí an pointe is faide ó dheas de Björnö.

**Dalarö – Torö**

An limistéar a theorannaítear leis an mórthír agus le líne ó Klacknäset trí rabhchán Ornöhuvud; Näset in Ornö; an pointe is faide ó thuaidh de Utö; treosholas Utö; treosholas Älvsnabben; Norra Stegholmen; Yttre Gården; Valsudden ar Järflotta; agus ó Långsudden in Järflotta go dtí an pointe is faide soir de Torö.

**Torö – Oxelösund**

An limistéar a theorannaítear leis an mórthír nó le teorainn zón 3 agus le líne ó shéipéal Torö trí threosholas Fifång; treosholas Kockehällan; Lacka Torn; an pointe is faide soir de Kittelö; treosholas Trutbådan, treosholas Beten; agus ó rabhchán Femörehuvud go Svartudden ó thuaidh ó threosholas uachtarach Kungshamn.

**Bråviken, Slätbaken agus oileánra Östergötland**

An limistéar a theorannaítear leis an mórthír (in iarthar Bråviken ó dhroichead Hamnbron in Norrköping; in iarthar Slätbaken ó loc Mem), agus le líne ó threosholas Gullängsberget trí rabhchán Arkö; Marö kupa; rabhchán Kupa klint; an pointe is faide siar de Birkskär; agus ó rabhchán Gubbö kupa go Dalaudde ó dheas ó Orren.

**Sunda láir Kalmar**

An limistéar a theorannaítear leis an mórthír san iarthar, le Öland san oirthear, leis an líne dhomhanleithid T 56 51;00 ó thuaidh agus le líne ó rinn Dunö (ar an mórthír) go Beijerhamn in Öland ó dheas.

## CAIBIDIL 2

### Zón 3

***An Bheilg***

An Sceilt mhuirí (síos an sruth ó acarsóid oscailte Antuairp)

***An Bhulgáir***

An Danóib: ó rkm 845,650 go rkm 374,100

***Poblacht na Seice***

Lochanna damba: Brněnská (Kníničky), Jesenice, Nechranice, Orlík, Rozkoš, Slapy, Těrlicko, Žermanice agus Nové Mlýny III

Lochanna mianaigh gairbhéil ghainmhigh: Ostrožná Nová Ves agus Tovačov

***An Ghearmáin***

| | |
|---|---|
| An Danóib | Ó Kelheim (km 2 414,72) go dtí an teorainn idir an Ghearmáin agus an Ostair ag Jochen-stein |
| An Réin, maille le Lampertheimer Altrhein (ó km 4,75 go dtí an Rijn), Altrhein Stockstadt-Erfelden (ó km 9,80 go dtí an Rijn) | Ón teorainn idir an Ghearmáin agus an Eilvéis go dtí an teorainn idir an Ghearmáin agus an Ollainn |
| An Elbe (Norderelbe), agus Süderelbe en Köhlbrand san áireamh | Ó bhéal chanáil Elbe-Seiten go dtí teorainn íochtarach chalafort Hamburg |
| Müritz | |

***An Fhrainc***

An Adour ó Bec du Gave go dtí an fharraige;

an Aulne ón loc ag Châteaulin go dtí teorainn thrasnach na farraige arb é atá inti Passage de Rosnoën;

an Blavet ó Pontivy go dtí Pont du Bonhomme;

Canáil Calais;

an Charente ón droichead ag Tonnay-Charente go dtí teorainn thrasnach na farraige arb é atá inti an líne a théann trí lár an treosholais 'síos an sruth' ar an mbruach clé agus trí lár Fort de la Pointe;

an Dordogne ón gcomhchumar leis an Lidoire go dtí Bec d'Ambès;

an Garonne, ón droichead ag Castet en Dorthe go dtí Bec d'Ambès;

an Gironde ó Bec d'Ambès go dtí an líne thrasnach ag KP 48,50 agus tríd an rinn is faide síos an sruth ó Ile de Patiras;

an Hérault, ó chalafort Bessan go dtí an fharraige, a fhad le huasteorainn na hurthrá taoidmhire;

an Isle, ón gcomhchumar leis an Dronne go dtí an comhchumar leis an Dordogne;

an Loire, ón gcomhchumar leis an Maine go Cordemais (KP 25);

an Marne, ón droichead ag Bonneuil (KP 169 bis 900) agus an loc ag St Maur go dtí an comhchumar leis an tSéin;

an Réin

an Nive, ó dhamba Haïtze ag Ustaritz go dtí an comhchumar leis an Adour;

an Oise, ó loc Janville go dtí an comhchumar leis an tSéin;

an Orb, ó Sérignan go dtí an fharraige, a fhad le huasteorainn na hurthrá taoidmhire;

an Rhône, ó theorainn na hEilvéise go dtí an fharraige, ach gan an Petit Rhône a bheith san áireamh;

an Saône, ó dhroichead Pont de Bourgogne ag Chalon-sur-Saône go dtí an comhchumar leis an Rhône;

an tSéin, ón loc ag Nogent-sur-Seine go dtí tosach Chanáil Tancarville;

an Sèvre Niortaise, ón loc ag Marans ag teorainn thrasnach na farraige atá os coinne an tí garda, go dtí a béal;

an Somme ón imeall is faide síos an sruth ó dhroichead Pont de la Portelette ag Abbeville go tarbhealach an iarnróid ó Noyelles go Saint-Valéry-sur-Somme;

an Vilaine, ó Redon (KP 89,345) go Damba Arzal;

Loch Amance;

Loch Annecy;

Loch Biscarosse;

Loch Bourget;

Loch Carcans;

Loch Cazaux;

Loch Der-Chantecoq;

Loch Guerlédan;

Loch Hourtin;

Loch Lacanau;

Loch Orient;

Loch Pareloup;

Loch Parentis;

Loch Sanguinet;

Loch Serre-Ponçon;

Loch Temple.

***An Chróit***

An Danóib: ó rkm 1 295 + 500 go rkm 1 433 + 100

Abhainn an Drava: ó rkm 0 go rkm 198 + 600

Abhainn an Sava: ó rkm 210 + 800 go rkm 594 + 000

Abhainn an Kupa: ó rkm 0 go rkm 5 + 900

Abhainn an Una: ó rkm 0 go rkm 15

***An Ungáir***

An Danóib: ó rkm 1 812 go rkm 1 433

Mosoni-Duna: ó rkm 14 go rkm 0

Szentendrei-Duna: ó rkm 32 go rkm 0

Ráckevei-Duna: ó rkm 58 go rkm 0

Abhainn an Tisza: ó rkm 685 go rkm 160

Abhainn an Dráva: ó rkm 198 go rkm 70

Abhainn an Bodrog: ó rkm 51 go rkm 0

Abhainn an Kettős-Körös: ó rkm 23 go rkm 0

Abhainn an Hármas-Körös: ó rkm 91 go rkm 0

Cainéal Sió: ó rkm 23 go rkm 0

Loch Velence

Loch Fertő

***An Ísiltír***

An Réin

Sneekermeer, Koevordermeer, Heegermeer, Fluessen, Slotermeer, Tjeukemeer, Beulakkerwijde, Belterwijde, Ramsdiep, Ketelmeer, Zwartemeer, Veluwemeer, Eemmeer, Alkmaardermeer, Gouwzee, Buiten IJ, Afgesloten IJ, Noordzeekanaal, calafort IJmuiden, limistéar calafoirt Rotterdam, Nieuwe Maas, Noord, Oude Maas, Beneden Merwede, Nieuwe Merwede, Dordsche Kil, Boven Merwede, Waal, Canáil Bijlandsch, Boven Rijn, Canáil Pannersdensch, Geldersche IJssel, Neder Rijn, Lek, Canáil Amstardam go Réin, Veerse Meer, Canáil Schelde go Réin a fhad lena béal ag an Volkerak, Amer, Bergsche Maas, an Meuse taobh thíos de Venlo, Gooimeer, Europort, Calandkanaal (an chuid taobh thoir de chalafort Benelux), Hartelkanaal

***An Ostair***

An Danóib: ón teorainn idir an Ostair agus an Ghearmáin go dtí an teorainn idir an Ostair agus an tSlóvaic

Inn: óna béal go Stáisiún Cumhachta Passau-Ingling

Traun: óna béal go dtí an pointe 1,80 km

Enns: óna béal go dtí an pointe 2,70 km

March: go dtí an pointe 6,00 km

***An Pholainn***

Abhainn an Biebrza, ó inbhear Chainéal Augustowski go hinbhear abhainn an Narwia

Abhainn an Brda, ón nasc idir í agus Cainéal Bydgoski in Bydgoszcz go hinbhear abhainn an Wisła

Abhainn an Bug, ó inbhear abhainn an Muchawiec go hinbhear abhainn an Narwia

Loch Dąbie, a fhad leis an teorainn idir í agus na huiscí farraige inmheánacha

Cainéal Augustowski, ón nasc idir é agus abhainn an Biebrza go dtí teorainn an Stáit, maille leis na lochanna atá ar feadh chúrsa an Chainéil sin

Cainéal Bartnicki, ó Loch Ruda Woda go Loch Bartężek, maille le Loch Bartężek

Cainéal Bydgoski

Cainéal Elbląski ó Loch Druzno go Loch Jeziorak agus Loch Szeląg Wielki, maille leis na lochanna sin agus na lochanna ar feadh chúrsa an Chainéil, agus mionbhealach a théann i dtreo Zalewo, ó Loch Jeziorak go Loch Ewingi, agus iad sin san áireamh

Cainéal Gliwicki maille le Cainéal Kędzierzyński

Cainéal Jagielloński, ón nasc idir é agus abhainn an Elbląg go dtí abhainn an Nogat

Cainéal Łączański

Cainéal Ślesiński maille leis na lochanna ar feadh chúrsa an Chainéil sin agus Loch Gopło

Cainéal Żerański

Abhainn an Martwa Wisła, ó abhainn an Wisła in Przegalina a fhad leis an teorainn idir í agus na huiscí farraige inmheánacha

Abhainn an Narew, ó inbhear abhainn an Biebrza go hinbhear abhainn an Wisła, maille le Loch Zegrzyński

Abhainn an Nogat, ó abhainn an Wisła go hinbhear Mhurlach Wisła

Abhainn an Noteć (uachtarach), ó Loch Gopło go dtí an nasc idir é agus Cainéal Górnonotecki, agus Cainéal Górnonotecki agus abhainn an Noteć (íochtarach) ón nasc idir í agus Cainéal Bydgoszcz go hinbhear abhainn an Warta

Abhainn Nysa Łużycka, ó Gubin go hinbhear abhainn an Odra

Abhainn an Odra, ó bhaile Racibórz go dtí an nasc idir í agus abhainn an Odra Thoir, a iompaíonn go habhainn an Regalica ó Phasáiste Klucz-Ustowo, maille leis an abhainn sin agus a taobhchraobhacha uile a fhad le Loch Dąbie maille le mionbhealach de chuid abhainn an Odra ó loc Opatowice go dtí an loc i gcathair Wrocław

Abhainn an Odra Thiar, ó chora in Widuchowa (704,1 km d'abhainn an Odra) go dtí an teorainn idir í agus na huiscí farraige inmheánacha, maille lena taobhchraobhacha chomh maith le pasáiste Klucz-Ustowo a nascann abhainn an Odra Thoir agus abhainn an Odra Thiar

Abhainn an Parnica agus pasáiste Parnicki ó abhainn an Odra Thiar go dtí an teorainn idir í agus na huiscí farraige inmheánacha

Abhainn an Pisa, ó Loch Roś go hinbhear abhainn an Narew

Abhainn an Szkarpawa, ó abhainn an Wisła go hinbhear Mhurlach Wisła

Abhainn an Warta, ó Loch Ślesińskie go hinbhear abhainn an Odra

Wielkie Jeziora Mazurskie lena gcuimsítear na lochanna atá nasctha le chéile ag aibhneacha agus cainéil agus arb é atá iontu príomhbhealach ó Loch Roś (agus é sin san áireamh) in Pisz go Cainéal Węgorzewo (agus é sin san áireamh) in Węgorzewo, maille le loch Seksty, loch Mikołajskie, loch Tałty, loch Tałtowisko, loch Kotek, loch Szymon, loch Szymoneckie, loch Jagodne, loch Boczne, loch Tajty, loch Kisajno, loch Dargin, loch Łabap, loch Kirsajty agus loch Święcajty, maille le Cainéal Giżycki agus Cainéal Niegociński agus Cainéal Piękna Góra, agus mionbhealach ó Loch Ryńskie (agus é sin san áireamh) in Ryn go Loch Nidzkie (suas go 3 km, áit a bhfuil an teorainn idir an loch agus tearmann dúlra 'Loch Nidzkie'), maille le loch Bełdany, loch Guzianka Mała agus loch Guzianka Wielka

Abhainn an Wisła ó inbhear abhainn an Przemsza a fhad leis an nascphasáiste go dtí Cainéal Łączański maille leis an gcuid ó inbhear an Chainéil sin in Skawina go hinbhear abhainn an Wisła go Bá Gdańsk, ach gan Taiscumar Włocławek a bheith san áireamh

***An Rómáin***

An Danóib: ó theorainn na Seirbia agus na Rómáine (km 1 075) go dtí an Mhuir Dhubh ar chraobhchainéal Sulina

Canáil na Danóibe chun na Mara Duibhe (64,410 km ar fad): ón gcumar leis an Danóib, ag km 299,300 den Danóib ag Cernavodă (agus km 64,410 den Chanáil, dá réir sin), go calafort Constanta Agigea Theas (km 0 den Chanáil)

Canáil Poarta Albă-Midia Năvodari (34,600 km ar fad): ón gcumar le Canáil na Danóibe chun na Mara Duibhe ag km 29,410 go Poarta Albă (agus km 27,500 den Chanáil, dá réir sin) go Calafort Midia (km 0 den Chanáil)

***An tSlóvaic***

An Danóib: ó rkm 1 880,26 go rkm 1 708,20

Canáil na Danóibe: ó rkm 1 851,75 go rkm 1 811,00

Abhainn an Váh: ó rkm 0,00 go rkm 70,00

Abhainn an Morava: ó rkm 0,00 go rkm 6,00

Abhainn an Bodrog: ó rkm 49,68 go rkm 64,85

Lochanna damba: Oravská Priehrada, Liptovská Mara, Zemplínska Šírava

***An tSualainn***

**Loch Mälaren**

**Saltsjön, calafoirt Stócólm agus Värmdölandet**

An limistéar ó bhéil Loch Mälaren i Stócólm, ag Norrström, Slussen agus Hammarbyslussen faoi seach, a theorrainnítear leis an mórthír agus droichead Lidingöbron, agus le líne ar threo-uillinn 135-315 chéim trí threosholas Elfviksgrund; líne idir Mellangårdsholmen agus Högklevsudde in Baggensfjärden; Örsundet idir Ingarö agus Fågelbrolandet; líne ó Rönnäsudd trí threosholas Tegelhällan agus treosholas Runö go Talatta in Djurö; líne trasna Vindöström idir Vindö agus Värmdölandet; agus, thairis sin, leis na hoileáin sa limistéar.

**Canáil Södertälje agus calafoirt Södertälje**

Canáil Södertälje agus calafoirt Södertälje, an chuid díobh atá idir loc Södertälje ar an taobh thuaidh agus líne dhomhanleithid 59° 09′ 00″ T ar an taobh theas.

**Canáil Trollhätte, Göta älv agus Nordre älv**

An limistéar ón líne dhomhanleithid trí rabhchán Bastungsgrunden sa chuid theas de Loch Vänern go droichead Älvsborg agus abhainn an Nordre älv go dtí an líne dhomhanfhaid trí O 11° 45′ 00″.

**Canáil Göta**

San oirthear ó loc Mem go droichead Motala, agus Loch Asplången, Loch Roxen agus Loch Boren san áireamh; san iarthar ón líne dhomhanfhaid trí threosholas Rödesund Norra Yttre ag Karlsborg go loc Sjötorp, agus an loch-chóras a dtéann an chanáil tríd san áireamh.

([1]) I gcás soithí a bhfuil a gcalafort baile i Stát eile, ní mór aird a thabhairt ar Airteagal 32 de Chonradh Ems-Dollart an 8 Aibreán 1960 (BGBl. 1963 II, lch. 602)."

*IARSCRÍBHINN II*

*"IARSCRÍBHINN II*

**ÍOSCHEANGLAIS THEICNIÚLA IS INFHEIDHME I dTACA LE hÁRTHAÍ AR UISCEBHEALAÍ INTÍRE ZÓIN 1, 2, 3 AGUS 4**

Is iad na ceanglais theicniúla a leagtar amach in ES-TRIN 2021/1 na ceanglais theicniúla is infheidhme i dtaca le hárthaí."

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1309 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 2 Lúnasa 2021**

**lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ("Värmländskt skrädmjöl" (TGFC))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinneadh an t-iarratas a thíolaic an tSualainn ar chlárú an ainm 'Värmländskt skrädmjöl' a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an t-ainm 'Värmländskt skrädmjöl' a chlárú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá an t-ainm 'Värmländskt skrädmjöl' (TGFC) cláraithe anois.

Leis an ainm a shonraítear sa chéad mhír sainítear táirge de chuid Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte, faoi mar atá liostaithe in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([3]).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Lúnasa 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Thar ceann an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

---

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 136, 19.4.2021, lch. 8.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1310 ÓN gCOIMISIÚN

**an 6 Lúnasa 2021**

**lena gceartaítear leaganacha áirithe teanga de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 23(1) agus Airteagal 27(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún ([2]) tá téacs breise in Iarscríbhinn I (Cuid-FCL), Fochuid A, pointe FCL.025 (b), pointe 4 lena dtugtar le tuiscint go bhfuil feidhm ag coinníoll breise.

(2) Sa leagan Fraincise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 tá earráid in Iarscríbhinn I (Cuid-FCL), Fochuid J, Roinn 2, pointe FCL.905.FI (c), frása réamhráiteach lena n-athraítear brí an téacs.

(3) Sa leagan Gearmáinise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 tá earráidí in Iarscríbhinn I (Cuid-FCL), Foscríbhinn 9, Cuid B, pointe 7 "Rátálacha de réir aicme – muir", tábla, Roinn 1, pointe 1.5, pointe 1.6 agus pointe 1.7 agus in Iarscríbhinn IV (Cuid-MED), Fochuid B, Roinn 2, pointe MED.B.070 (c), pointe 3, an chéad abairt lena n-athraítear brí an téacs.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Fraincise, an leagan Gearmáinise agus an leagan Sualainnise de Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá bhforáiltear in Airteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)*

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Lúnasa 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1311 ÓN gCOIMISIÚN

**an 30 Iúil 2021**

**maidir le Hrvatski Registar Brodova (Longchlár na Cróite) a aithint mar chumann aicmiúcháin le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(1) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú de bhun Airteagal 7 de Threoir 91/672/CEE ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 maidir le deimhnithe náisiúnta máistrí báid chun earraí agus paisinéirí a iompar d'uiscebhealach intíre a aithint go cómhalartach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iarratas curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an gCróit maidir le Hrvatski Registar Brodova (dá ngairtear 'HRB' anseo feasta) a aithint mar chumann aicmiúcháin i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/1629.

(2) Tá an fhaisnéis agus an doiciméadacht is gá curtha isteach ag an gCróit freisin le go mbeidh an Coimisiún in ann a sheiceáil go bhfuil na critéir maidir le haitheantas á gcomhlíonadh.

(3) Ós rud é go bhfuil mórchuid saineolais gnóthaithe ag an Lárchoimisiún um Loingseoireacht ar an Réin maidir le riachtanais theicniúla a fhorbairt agus a nuashonrú i ndáil le soithí loingseoireachta intíre, agus chun forbairt ceanglas aonfhoirmeach sa réimse seo a chothú, d'iarr an Coimisiún ar Rúnaíocht an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin tuarascáil a chur ar fáil a bheadh dírithe ar anailís theicniúil na sonraí a bhaineann leis an HRB a éascú.

(4) Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus ar an doiciméadacht a ghabhann leis an iarratas ar aitheantas, ar ina leith a chuir sé san áireamh an tuarascáil a d'ullmhaigh Rúnaíocht an Lárchoimisiúin um Loingseoireacht ar an Réin, chinn an Coimisiún go gcomhlíonann an HRB na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2016/1629,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aithnítear Hrvatski Registar Brodova mar chumann aicmiúcháin le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/1629.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 252, 16.9.2016, lch. 118.
([2]) IO L 373, 31.12.1991, lch. 29.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Iúil 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA